Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2021
(OR. en)

15033/21

ELARG 97
COWEB 169

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14862/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 644 final |
| Ábhar: | MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS – Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 14 Nollaig 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

1. Tugann an Chomhairle dá haire go cuí Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú agus na tuarascálacha maidir le Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv*.

2. Tá diantionchair dhiúltacha á n-imirt fós ag géarchéim COVID-19 ar ár sochaithe agus ar ár ngeilleagair. Is léir ón bpaindéim a riachtanaí agus a fhiúntaí atá sé seasamh le chéile agus na dúshláin chomhchoiteanna a ghleic le chéile. Á mheabhrú di scála agus raon as cuimse na tacaíochta sin atá curtha ar fáil cheana féin; is é tiomantas an Aontais leanúint den chomhar agus den chomhordú sin mar aon le tuilleadh feabhais a chur ar an rochtain ar vacsaíní, ar dhiagnóis agus ar theiripí agus le hintuarthacht agus le hathléimneacht níos fearr i leith géarchéime a bheidh ann amach anseo a áirithiú. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle an mhórthacaíocht atá tugtha ag na Balcáin Thiar dá chéile agus don Aontas.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle **a tiomantas maidir le méadú**, ar beartas lárnach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcónaí é, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite i ndáil leis an méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach an 14 agus 15 Nollaig 2006 agus leis na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Is infheistíocht straitéiseach i gcónaí é maidir le síocháin, daonlathas, rathúnas, slándáil agus cobhsaíocht na hEorpa. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur rogha dhaingean straitéiseach é bunluachanna an Aontais agus peirspictíocht na hEorpa a ghlacadh agus cloí leo sin agus go bhfuil sin bunriachtanach i dtólamh do gach comhpháirtí atá ag tnúth le ballraíocht san Aontas. I gcomhréir leis an méid sin, leanann an Chomhairle de bheith ag súil go nglacfaidh na comhpháirtithe úinéireacht ar phríomhacht an daonlathais, ar chearta agus luachanna bunúsacha agus ar an smacht reachta, agus iad féin a thiomnú dóibh ina n-iomláine, ar mhaithe le leas na muintire. Ní bheidh na gealltanais sin inchreidte ach amháin, má dhéanfar na hathchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme ar bhealach fóinteach, agus má leagtar síos cuntas fónta teiste a mbeidh cumarsáid phoiblí shoiléir chomhsheasmhach mar bhonn taca leis.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

4. Á mheabhrú di Clár Oibre Thessaloniki agus Dearbhuithe Shóifia, Shágrab, agus Brdo athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht gan staonadh an Aontais do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar. Neartóidh agus treiseoidh an tAontas a thuilleadh a rannpháirtíocht ar gach leibhéal chun tacú le claochlú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin, lena n-áirítear trí chúnamh leanúnach a thabhairt bunaithe ar an dul chun cinn nithiúil a dhéanfaidh na Balcáin Thiar maidir leis an smacht reachta agus maidir le hathchóirithe socheacnamaíocha, agus maidir lena mhéid a chloífidh na comhpháirtithe le luachanna, rialacha agus caighdeáin an Aontais. Ós amhlaidh atá, is fada leis an gComhairle go gcuirfear chun feidhme Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta na mBalcán Thiar, mar aon le cur chun feidhme Chlár Oibre Glas do na Balcáin Thiar. Chun dlús breise a chur leis an idirphlé polaitiúil leis an réigiún agus chun é a fheabhsú a thuilleadh, is díol sásaimh don Chomhairle tionól rialta na gCruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar. Tá an Chomhairle ag tnúth leis na chéad chomhdhálacha idir-rialtasacha le Poblacht na Macadóine Thuaidh agus leis an Albáin a luaithe is féidir tar éis don Chomhairle na creataí caibidlíochta a fhormheas. Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí comhleasa.

5. I gcomhréir leis na Conclúidí a d’eisigh an Chomhairle roimhe seo agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan agus an Phróisis Cobhsaíochta agus Comhlachais, arb é an creat coiteann i gcónaí é don chaidreamh leis na Balcáin Thiar, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór go mbeadh ann, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite ó 2006 i ndáil leis an méadú, **coinníollacht chothrom dhian** agus **prionsabal na dtuillteanas dílis**. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann forbairt an Aontais, lena n-áirítear acmhainneacht an Aontais baill nua a lánpháirtiú, a choinneáil ar bun agus a dhoimhniú. Tá sé d’aidhm ag an modheolaíocht athbhreithnithe um méadú, agus béim níos láidre fós á leagan aige ar athchóirithe bunúsacha, an próiseas aontachais a athbheochan tríd an bpróiseas a dhéanamh níos intuartha, níos inchreidte, agus níos dinimiciúla agus faoi réir stiúradh polaitiúil níos láidre, agus sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar choinníollacht dhian, idir dhearfach agus diúltach, agus ar inaisathraitheacht. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear á chomhtháthú sna creataí caibidlíochta nua, agus go ndéantar freastal air faoi chuimsiú na gcreataí atá ann cheana le Montainéagró agus leis an tSeirbia. Ós amhlaidh atá, meabhraítear don Chomhairle freisin na deiseanna atá ann dlús a chur le bearta lánpháirtíochta faoi réir tuilleadh dul chun cinn leordhóthanach ó na hiarrthóirí maidir leis na tosaíochtaí athchóiriúcháin.

6. Á thabhairt dá haire di staid fhoriomlán na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag na comhpháirtithe faoi láthair maidir le hathchóiriú, arna tuairisciú ag an gCoimisiún, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór do na comhpháirtithe díriú láithreach bonn ar **athchóirithe bunúsacha** chun aghaidh a thabhairt ar roinnt easnaimh struchtúrtha leanúnacha i réimsí an smachta reachta, na gceart bunúsach, neartú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus i ndáil leis na critéir eacnamaíocha chomh maith. Tá cuntais fhónta leanúnacha teiste ó thaobh cur chun feidhme athchóirithe agus **torthaí inbhraite nithiúla** sna réimsí ríthábhachtacha sin bunriachtanach i gcónaí, go háirithe maidir le luas foriomlán na caibidlíochta aontachais a chinneadh.

7. Meabhraítear don Chomhairle gur luach bunúsach é an **smacht reachta** a bhfuil an tAontas fothaithe air, gné ríthábhachtach é den athrú daonlathach atá mar chroíchuid de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus is é an príomhthagarmharc a ndéantar measúnú air maidir le dul chun cinn i dtreo ballraíocht san Aontas. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh dul chun cinn na gcomhpháirtithe sa réimse seo stóinseach, inbhraite agus dochúlaithe. Cé go n-aithnítear don Chomhairle go bhfuil dul chun cinn déanta ag roinnt de na comhpháirtithe sa réimse ríthábhachtach sin, tugann sí dá haire agus is cúis imní di go ndearbhaítear leis na heasnaimh seo a tuairiscíodh go bhfuil agus go mbeidh sé sin fós ar cheann de na príomhdhúshláin. Is minic gurb é easpa na fíorthola polaitiúla, easnaimh sa neamhspleáchas breithiúnach, an frithbheartaíocht institiúideach, an t-éilliú forleathan agus an choireacht eagraithe is cúis leis an easpa dul chun cinn inchreidte i gcásanna go leor nó go deimhin féin is cúis leis an gcúlú i gcásanna eile: is cúis mhór imní iad uile nach mór aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar ardtosaíochta.

Tugann an Chomhairle dá haire gur beag dul chun cinn atá déanta i gcásanna go leor: i dtaca le cosaint na g**ceart bunúsach** gur lagú atá tarlaithe. Tá fíorbhearta inchreidte riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh ar fad a tuairiscíodh. Is ábhar imní ar leith é cearta an linbh agus cearta agus cóir neamh-idirdhealaitheach na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad agus iad siúd i gcásanna leochaileacha, amhail na Romaigh, iad siúd faoi mhíchumas agus daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) agus iad siúd ar de mhionlaigh náisiúnta iad. Maidir leis an gcomhionannas inscne, ní mór cumhachtú agus tairbhiú iomlán chearta bunúsacha na mban agus na gcailíní a áirithiú. Ina theannta sin, tá staid **na saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse agus iolrachas na meán** ina cúis mhór buartha i gcónaí; is beag dul chun cinn atá déanta i bhformhór na gcásanna, má tá an méid sin féin déanta agus, go deimhin i gcás amháin, is cúlú tromchúiseach leanúnach atá i gceist. Tá bearta práinneacha de dhíth fós chun colúin bhunriachtanacha sin an daonlathais a chosaint. Ní mór aghaidh a thabhairt go diongbháilte ar bhagairtí, ar an imeaglú agus ar na hionsaithe atá dírithe ar na meáin, ar iriseoirí agus ar ghníomhaithe eile sna meáin. Is den bhunriachtanas é chomh maith go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir leis an **athchóiriú ar an riarachán poiblí**, go háirithe i ndáil leis an dípholaitiú, le cuntasacht agus gairmiúlacht mhéadaithe, chun an rialachas a fheabhsú ar gach leibhéal.

Is gné riachtanach de dhaonlathas dea-fheidhmiúil, agus príomhchoinníoll d’aontachas an Aontais iad **feidhmiú cuí agus neamhspleáchas na n-institiúidí daonlathacha**; is dúshlán práinneach é an méid seo go fóill. I dtaca le hathchóirithe inchreidte agus inbhuanaithe sa réimse seo, tugann an Chomhairle dá haire gurb é easpa na fíorthola polaitiúla is cúis i gcónaí leis an easpa dul chun cinn ar fiú trácht air nó go deimhin féin is cúis leis an gcúlú. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is ábhar imní di, go gcuirtear bac – i gcásanna go leor – ar fheidhmiú cuí na gcóras daonlathach agus na n-institiúidí nó na cásanna ina mbaintear an bonn de. Tá sé fíorthábhachtach i gcónaí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a tuairiscíodh, agus ní mór athchóirithe a dhéanamh i réimsí bunúsacha gaolmhara chomh maith le hidirphlé polaitiúil cuimsitheach, agus ról níos láidre a thabhairt d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an tsaoirse a bheith acu oibriú.

8. Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, is díol sásaimh don Chomhairle anailís an Choimisiúin agus aontaíonn sí léi. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil cur chun feidhme na n-athchóirithe bunúsacha agus struchtúracha araon ríthábhachtach i gcónaí don téarnamh eacnamaíoch agus don fhorbairt ar an ábhar gurb é leas gach geilleagar na harrachtaí atá ar bun leis an éilliú a ghleic, an smacht reachta agus an trédhearcacht a fheabhsú, agus na hinstitiúidí mar aon leis an idirphlé sóisialta a neartú. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá trédhearcacht iomlán na n-infheistíochtaí uile, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Chun acmhainneacht eacnamaíoch na gcomhpháirtithe a bhaint amach, ní mór freisin leanúint leis na hathchóirithe ar na struchtúir eacnamaíocha arna sainaithint sna cláir athchóirithe eacnamaíocha (ERPanna). Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na hathchóirithe a leagtar amach sna ERPanna agus sa treoir bheartais a glacadh go comhpháirteach le Ballstáit an Aontais a chur chun feidhme, ní hamháin chun feabhas a chur ar an iomaíochas, chun cruthú post a chothú agus chun cuimsiú sóisialta a éascú, ach chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus na critéir eacnamaíocha sa phróiseas aontachais a chomhlíonadh agus chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag pacáiste suntasach infheistíochta an Aontais a uasmhéadú. Tá **an Clár Oibre Glas agus an nascacht inbhuanaithe** ríthábhachtach chun téarnamh inbhuanaithe a bhaint amach, agus chun comhtháthú eacnamaíoch a bhaint amach laistigh den réigiún agus leis an Aontas, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí agus don phobal i gcoitinne araon. Ina theannta sin, molann an Chomhairle do na páirtithe uile na bearta a áirítear sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc an 12 Iúil 2021 a chur chun feidhme, bunaithe ar a gcuid clár athchóirithe eacnamaíoch faoi seach. Meabhraítear don Chomhairle go leanann an tAontas de bheith, go mór fada, ar an gcomhpháirtí trádála is mó atá ag na Balcáin Thiar agus ag an Tuirc ó thaobh allmhairithe agus onnmhairithe de araon.

9. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ríthábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an **athrú aeráide** i gcomhréir le huaillmhianta an Aontais i ndáil leis an aeráid, dlús a chur le hailíniú le *acquis* an Aontais agus cur chun feidhme a neartú san aistriú chuig geilleagair aeráidneodracha, athléimneacha, inbhuanaithe, ciorclacha agus tíosacha ar acmhainní.

10. Is gnéithe riachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an **comhar réigiúnach**. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach cuimsitheach, go háirithe **Cómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar** a bhaint amach, bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais, rud a bheidh ríthábhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an réigiúin agus as an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta. Ní mór iarrachtaí cinntitheacha a dhéanamh **an t-athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach** a chothú agus, chomh maith leis sin, teacht ar réitigh chinntitheacha uilechuimsitheacha cheangailteacha ar dhíospóidí déthaobhacha na gcomhpháirtithe agus ar imris atá fréamhaithe in oidhreacht an ama atá caite, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail atá bunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Saincheisteanna Comharbais, chomh maith le réitigh ar na cásanna de dhaoine ar iarraidh atá fós gan réiteach agus ar imris a bhaineann le coireanna cogaidh, agus na réitigh sin a chur chun feidhme. Ba cheart cásanna de choireanna cogaidh intíre a láimhseáil go héifeachtach gan idirdhealú, lena n-áirítear trí chomhoibriú ar bhealach atá fónta ar leibhéal na réigiún, agus trí chomhoibriú agus tacú leis an obair atá ar bun ag an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla agus ag na Dlísheomraí Speisialaithe. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach nglacfar ar chor ar bith le séanadh cinedhíothaithe, le roscaireacht ghríosaitheach nó le glóiriú coirpeach cogaidh ó thaobh ar bith. Ní mór ráitis agus gníomhaíochtaí a sheachaint a mbeadh tionchar diúltach acu ar an dea-chaidreamh comharsanachta agus ar an réiteach síochánta ar dhíospóidí. Maidir leis na comhaontuithe déthaobhacha arb ann dóibh cheana, lena n-áirítear comhaontú Prespa idir Poblacht na Macadóine Thuaidh agus an Ghréig agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-chomharsanacht agus Comhar idir Poblacht na Macadóine Thuaidh agus an Bhulgáir, is gá iad a chur chun feidhme de mheon macánta.

11. Leanann an Chomhairle d'athdhearbhú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé an comhar a dhoimhniú a thuilleadh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus a bhfuil an tAontas ag súil leis maidir le hailíniú feabhsaithe le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, go háirithe i dtaobh saincheisteanna ina bhfuil comhleasanna móra i gceist, amhail bearta sriantacha agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha. Rogha atá ann teacht isteach san Aontas, rogha a chuireann de cheangal na prionsabail, na luachanna agus na cuspóirí a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas a chur chun cinn ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin a chomhroinnt, lena n-áirítear ailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála a bhaint amach, agus staonadh ó aon ghníomhaíocht atá contrártha leis.

12. Leanann an Chomhairle de bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá **cumarsáid straitéiseach**, agus ar an ngá atá ann go neartóidh na comhpháirtithe a n-athléimneacht in aghaidh gníomhaíochtaí hibrideacha urchóideacha. Iarrann sí go rachfaí i mbun comhoibriú treisithe agus comhar níos dlúithe, lena n-áirítear i dtaca le cibear-athléimneacht, le cosaint bonneagair chriticiúil, le cumarsáid straitéiseach agus le haghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe ar fad na buntáistí agus na hoibleagáidí a bhaineann lena gconair i dtreo an Aontais a chur in iúl go soiléir, chomh maith lena dtiomantas féin do luachanna an Aontais agus d'athchóirithe riachtanacha gaolmhara. Tá rannpháirtíocht leanúnach an Aontais agus a chuid Ballstát ríthábhachtach i gcónaí chun beartas cumarsáide straitéisí atá níos éifeachtaí a shaothrú i dtaca leis na comhpháirtithe agus le saoránaigh an Aontais Eorpaigh araon.

13. Is bagairtí tromchúiseacha fós ar an tslándáil san Aontas agus sa réigiún iomlán iad an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an choireacht eagraithe. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint leis an gcomhar maidir le **frithsceimhlitheoireacht** a neartú a thuilleadh, go háirithe i ndáil le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus an radacú a chosc agus a chomhrac. Leanann iarrachtaí breise agus cuntas fónta teiste de bheith ag teastáil i g**comhrac na coireachta eagraithe**. Is díol sásaimh don Chomhairle na scéalta dearfacha a tuairiscíodh, agus cuireann sí i bhfios go láidir nach mór do na comhpháirtithe uile teacht ar fhreagairtí éifeachtacha chun cosc a chur ar an gcoireacht eagraithe a ngeilleagair a insíothlú. Tá iarrachtaí breise de dhíth chun gach cineál radacaithe a chosc, lena n-áirítear an radacú de chineál reiligiúnach, an náisiúnachais eitnigh nó polaitiúil.

14. I ndáil leis **an imirce**, molann an Chomhairle comhpháirtithe na mBalcán Thiar as a gcuid iarrachtaí leanúnacha agus as a gcomhar a bhí, ar an iomlán, cuiditheach, a raibh torthaí soiléire orthu agus molann sí an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha atá á ndéanamh aici chun beagnach 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus as aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá acu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme go neamh-idirdhealaitheach agus ina iomláine, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe feadh bhealach na mBalcán Thiar. Tá gníomhaíochtaí breise de dhíth ó na comhpháirtithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta chun dul i ngleic le dúshláin imirce.

15. Meabhraítear don Chomhairle an **cúnamh substaintiúil leanúnach airgeadais agus teicniúil ón Aontas** do Phróiseas an Mhéadaithe agus don Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), tar éis ghlacadh Rialachán IPA III, i mí Mheán Fómhair 2021, agus imchlúdach airgeadais dar luach EUR 14 162 billiún ag baint leis.

**<u>MÉADÚ</u>**

**MONTAINÉAGRÓ**

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, le gach ceann den 33 chaibidil scagtha oscailte agus 3 chaibidil dúnta go sealadach, chomh maith leis an gcomhaontú ar thángthas air ag an 13ú Comhdháil Idir-Rialtasach i mí an Mheithimh 2021 maidir leis na gnéithe den mhodheolaíocht athbhreithnithe um méadú a bheidh le cur san áireamh faoi chuimsiú an chreata caibidlíochta atá ann cheana agus atá le cur i bhfeidhm ar an gcaibidlíocht aontachais le Montainéagró. Is é an tosaíocht i gcónaí le haghaidh tuilleadh dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais, agus sula leantar ar aghaidh i dtreo caibidlí eile a dhúnadh go sealadach, na tagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta a leagtar amach faoi chaibidlí 23 agus 24 a chomhlíonadh. Ní bheidh an tAontas in ann na ceanglais maidir leis an smacht reachta a leagan amach mar thagarmharcanna deiridh, a mbeidh ar Mhontainéagró a chomhlíonadh chun na caibidlí sin a dhúnadh, go dtí go gcomhlíonfaidh Montainéagró na critéir a leagadh amach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór do chóras iomlán an smachta reachta torthaí nithiúla agus cuntas teiste neartaithe, inbhuanaithe a bhaint amach. Mar a leagtar amach freisin sa chreat caibidlíochta, tá dul chun cinn maidir leis na caibidlí sin bunriachtanach agus leanfaidh luas foriomlán na caibidlíochta aontachais de bheith ag brath ar an dul chun cinn sin. Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh Montainéagró níos diongbháilte agus é ag leanúint air dá chonair aontachais a shaothrú. Ar na hathchóirithe is tábhachtaí agus is práinní nach mór do Mhontainéagró tabhairt fúthu, sainaithníonn an Chomhairle an méid seo a leanas.

17. Molann an Chomhairle go láidir do Mhontainéagró toil pholaitiúil dhaingean a thaispeáint, polarú a shárú, agus torthaí nithiúla a bhaint amach go háirithe i ndáil leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, agus comhrac an éillithe**, agus chun leanúint air d'aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann cheana sa chaoi a gcaitear le cásanna coireachta eagraithe agus le hurghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla. Meabhraítear don Chomhairle gur gá aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme marbhánta na bpríomh-athchóirithe breithiúnacha – lena n-áirítear na ceapacháin thábhachtacha atá fós ar feitheamh sna príomhinstitiúidí neamhspleácha agus sna breithiúna. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle arís ar Mhontainéagró timpeallacht shábháilte a ráthú, a bheidh fabhrach i leith na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus i leith neamhspleáchas na meán, lena n-áirítear trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun ionsaithe i gcoinne iriseoirí a fhiosrú agus a réiteach mar ardtosaíocht, agus trí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhréagaisnéis agus ciapadh agus fuathchaint ar líne. Is den ríthábhacht é go n-áirithítear neamhspleáchas an chraoltóra seirbhíse poiblí agus go gcuirtear sásra féinrialála éifeachtach ar bun a chlúdaíonn na comhlachtaí meán go léir. Cuireann an Chomhairle i dtreis na hionchais atá aici i dtaca le tiomantas láidir polaitiúil agus fíor-rannpháirtíocht ag na hinstitiúidí agus na gníomhaithe ábhartha uile sna hiarrachtaí sin ar fad.

Thairis sin, molann an Chomhairle do Mhontainéagró **neamhspleáchas na n-institiúidí a neartú, go háirithe neamhspleáchas na mbreithiúna**, agus toil pholaitiúil láidir a léiriú chun leanúint den obair ar **athchóiriú an riaracháin phoiblí** agus an acmhainneacht riaracháin a neartú. Tugann an Chomhairle dá haire i ndáil leis an méid sin gur gá do Mhontainéagró earcaíocht bunaithe ar fhiúntas a áirithiú agus saineolas a bhaineann leis an Aontas a choinneáil ina rialtas chun tacú leis an bpróiseas aontachais agus leis an gcaibidlíocht agus chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm.

18. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil **athchóiriú toghcháin** ríthábhachtach i gcónaí chun an mhuinín as an gcóras sin a neartú, agus tathantaíonn sí ar na páirtithe uile freagracht a léiriú agus páirt a ghlacadh in **idirphlé polaitiúil fóinteach, cuimsitheach sa pharlaimint** chun tuilleadh polaraithe ar an timpeallacht pholaitiúil a sheachaint.

19. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire gur luigh paindéim COVID-19 go trom ar an ngeilleagar. Mar sin féin, d'éirigh leis an rialtas leanúint de chuid de na hathchóirithe a bhí beartaithe a chur chun feidhme agus na rioscaí airgeadais a mhaolú, agus d'fhan an earnáil airgeadais cobhsaí. Molann an Chomhairle do Mhontainéagró an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme ina hiomláine, lena n-áirítear tríd an easnamh sa bhuiséad agus an cóimheas fiachais phoiblí a laghdú a luaithe a bheidh an téarnamh faoi lán seoil, an rialachas fioscach agus an trédhearcacht fhioscach a neartú, agus athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme.

20. Is mór ag an gComhairle tiomantas cuiditheach leanúnach Mhontainéagró maidir leis **an gcomhar réigiúnach** a fhorbairt a thuilleadh agus **an dea-chaidreamh comharsanachta** a chur chun cinn.

21. Leanann an Chomhairle de Mhontainéagró a mholadh as a chomhar comhsheasmhach i leith shaincheisteanna an bheartais eachtraigh agus go mór mór a ailíniú iomlán leanúnach le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Mhontainéagró i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

**AN tSEIRBIA**

22. Is díol sásaimh don Chomhairle an **dul chun cinn foriomlán** a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais go dtí seo, eadhon 22 as 35 chaibidil idirbheartaíochta oscailte agus 2 chaibidil dúnta go sealadach, chomh maith leis an gcomhaontú ar thángthas air ag an 12ú Comhdháil Idir-Rialtasach i mí an Mheithimh 2021 maidir leis na gnéithe den mhodheolaíocht athbhreithnithe um méadú atá le cur san áireamh faoi chuimsiú an chreata caibidlíochta atá ann cheana agus atá le cur i bhfeidhm ar an gcaibidlíocht aontachais leis an tSeirbia. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir i gcónaí go bhfuil dul chun cinn maidir leis na caibidlí i ndáil leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha, chomh maith le normalú chaidreamh na Seirbia leis an gCosaiv mar a leagtar amach sa chreat caibidlíochta iad, ríthábhachtach i gcónaí agus gurb iad na nithe sin a chinnfidh luas foriomlán na caibidlíochta aontachais.

23. Á thabhairt dá haire di go leanann Rialtas na Seirbia de lánpháirtiú san Aontas a dhearbhú mar sprioc straitéiseach, iarrann an Chomhairle ar údaráis na Seirbia tiomantas daingean a thabhairt do **luachanna an Aontais** agus iad a chur chun cinn, agus níos mó béime a chur ar an gcuspóir sin, agus a bheith gníomhach i mbun cumarsáid dhearfach shoiléir a dhéanamh i dtaobh an Aontais – príomh-chomhpháirtí polaitiúil agus eacnamaíoch na Seirbia.

24. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta ag an tSeirbia maidir leis an smacht reachta i réimsí áirithe, tugann sí dá haire chomh maith céanna an dul chun cinn foriomlán atá déanta, más teoranta féin é, mar aon leis an moill atá á cur ar chúrsaí i gcaitheamh an ama i dtacar réimsí eile. Molann an Chomhairle don tSeirbia leanúint de thoil pholaitiúil a léiriú chun dlús breise a chur leis na hathchóirithe agus chun torthaí nithiúla inbhraite a bhaint amach sna **réimsí bunúsacha**. Aithníonn an Chomhairle an méid seo a leanas mar na hathchóirithe is tábhachtaí agus is práinní nach mór don tSeirbia tabhairt fúthu.

Ba cheart don tSeirbia díriú ar na tagarmharcanna eatramhacha atá i gcaibidlí 23 agus 24 a bhaint amach, lena n-áirítear trí na pleananna gníomhaíochta athbhreithnithe atá sna caibidlí sin a chur chun feidhme. Ní mór leanúint d’aird ar leith a thabhairt ar neamhspleáchas agus ar éifeachtúlacht fhoriomlán **na mbreithiúna** agus cur chun feidhme éifeachtach an athchóirithe. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir leis an athchóiriú bunreachtúil agus iarrann sí ar an tSeirbia bailchríoch a chur air le linn an reachtais reatha agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus leis na moltaí ó Choimisiún na Veinéise. Caithfidh an tSeirbia torthaí inbhraite a bhaint amach agus cuntas teiste inchreidte lena ngabhfaidh imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha, reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla, go háirithe i ndáil le **cásanna coireachta tromchúisí agus eagraithe, lena n-airítear sciúradh airgid**. Ní mór don tSeirbia dlús a chur lena dua i gcoinne an **éillithe**, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil.

Admhaíonn an Chomhairle gur glacadh straitéis na meán agus an plean gníomhaíochta a bhaineann léi, agus iarrann sí ar an tSeirbia iad a chur chun feidhme go héifeachtach mar ábhar tosaíochta, agus fuarlitir agus spiorad chuspóirí straitéis na meán á n-urramú. Ag an am céanna, is údar mór imní don Chomhairle nach ndearnadh mórán dul chun cinn i dtaca le feabhas a chur ar an timpeallacht fhoriomlán ó thaobh na **saoirse chun tuairimí a nochtadh** de. Iarrann an Chomhairle arís ar an tSeirbia a ráthú mar ábhar práinne go mbeidh ann timpeallacht shábháilte ina mbeidh an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh gan bhac agus ina mbeidh neamhspleáchas ag na meáin, lena n-áirítear trí dhlús a chur lena dua i dtaobh ionsaithe, imeaglú, agus foréigean i gcoinne iriseoirí a fhiosrú.

Ní mór don tSeirbia leanúint d’aird ar leith a thabhairt ar lánurramú **na gceart bunúsach**, lena n-áirítear cosaint a thabhairt do na grúpaí is leochailí, agus lena chois sin ar chaitheamh go neamh-idirdhealaitheach le mionlaigh náisiúnta ar fud na Seirbia, go háirithe i réimsí an oideachais, na húsáide teangacha mionlaigh, na rochtana ar na meáin agus ar sheirbhísí reiligiúnacha i dteangacha mionlaigh, agus ar choireanna fuathspreagtha a imscrúdú agus a chúiseamh go gníomhach.

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá ann **feidhmiú** cuí **na n-institiúidí daonlathacha** a áirithiú agus cuireann sí i dtreis go bhfuil athchóiriú toghchánach ríthábhachtach i gcónaí chun an mhuinín sa chóras toghcháin a neartú. Admhaíonn sí gur thosaigh an tSeirbia ag tabhairt aghaidh ar mholtaí seanbhunaithe ó ESCE/ODIHR. In oirchill na dtoghchán arna bhfógairt do 2022, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na príomh-mholtaí sin go léir a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach trédhearcach agus bunaithe ar chomhthoil pholaitiúil níos leithne. Tá sé tábhachtach go gcuirfear chun feidhme freisin na bearta a sainaithníodh san idirphlé idirpháirtí atá á stiúradh ag Parlaimint na hEorpa. Ní mór fós timpeallacht chumasúcháin don fhorbairt agus do mhaoiniú na **sochaí sibhialta** a bhunú go héifeachtach.

Leanann an Chomhairle de bhéim a chur ar an ngá le leanúint de chásanna de **choireanna cogaidh** a láimhseáil ar an leibhéal náisiúnta, a gcás siúd atá ar iarraidh a réiteach agus lánchomhar a thabhairt don Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla, lena n-áirítear trí ghlacadh go hiomlán le rialuithe agus cinntí an tSásra sin agus trína gcur chun feidhme ina n-iomláine, mar ábhar práinne. Níor cheart aon tacaíocht ná aon spás poiblí a bheith ann do choirpigh chogaidh chiontaithe ná d'adhmholadh ná diúltú na gcoireanna a dhéanann siad.

25. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire agus tá sí sásta faoin dul chun cinn leanúnach a rinneadh maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt agus go ndearnadh tionchar ghéarchéim COVID-19 a mhaolú trí, *inter alia*, borradh mór sa tréimhse roimh an ngéarchéim agus bearta suntasacha tráthúla i ndáil le tacaíocht fhioscach agus airgeadais. Molann an Chomhairle don tSeirbia an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme ina hiomláine, agus leanúint d'athchóirithe struchtúracha a dhéanamh ar an gcóras riaracháin phoiblí agus ar chuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Is den tábhachtach comhlíonadh iomlán *acquis* soláthair phoiblí an Aontais a áirithiú. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá déanta ag an tSeirbia chun na tagarmharcanna tosaigh i mbraisle 3 (Iomaíochas agus Fás Cuimsitheach) a chomhlíonadh agus leanfaidh sí lena measúnú ina leith.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcaithfidh an tSeirbia a tiomantas a chomhlíonadh, dlús a chur lena hiarrachtaí, agus ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais** i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta agus leanúint uirthi den teist atá uirthi faoi láthair a fheabhsú mar ábhar tosaíochta ar bhealach inbhuanaithe inbhraite.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach agus rannchuidiú tábhachtach na Seirbia i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin **gComhbheartas Slándála agus Cosanta**.

28. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá don tSeirbia ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **comhbheartas víosaí an Aontais** faoi mar a gheall sí.

29. Maidir leis an **Idirphlé** arna éascú ag an Aontas, is díol sásaimh don Chomhairle gur leanadh den Idirphlé i mí an Mheithimh 2021, agus molann sí an tArdionadaí agus ISAE as an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus saincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar as a dtiomantas don Idirphlé arna éascú ag an Aontas. Tá an Chomhairle ag súil go nglacfaidh an tSeirbia páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san Idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an gCosaiv a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sé sin ríthábhachtach ionas gur féidir leis an tSeirbia agus leis an gCosaiv dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí Eorpacha faoi seach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go láidir go n-urramófar na comhaontuithe uile ar thángthas orthu san am atá caite agus go gcuirfear chun feidhme gan mhoill iad. Ina theannta sin, ba cheart don dá pháirtí gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus reitric nach gcabhraíonn leis an idirphlé a sheachaint.

30. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas na Seirbia **an comhar réigiúnach** a chur chun cinn go gníomhach agus molann sí don tSeirbia leanúint dá hiarrachtaí chun **an dea-chaidreamh comharsanachta** a neartú agus rannchuidiú leis an gcobhsaíocht agus an athmhuintearas.

**AN TUIRC**

31. Meabhraítear don Chomhairle gur thug an Chomhairle Eorpach, a bhí ar siúl an 24 agus an 25 Meitheamh 2021, dá haire gurb é leas straitéiseach an Aontais timpeallacht chobhsaí shlán a bheith sa Mheánmhuir Thoir agus caidreamh comhoibritheach, comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dígheárú sa Mheánmhuir Thoir, ag tabhairt dá haire gur gá é a choinneáil ag imeacht agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas ar tinneall le teanntás a dhéanamh ar an Tuirc ar bhealach céimnithe, comhréireach, in-aisiompaithe i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir coinníollachtaí bunaithe a leag comhaltaí na Comhairle Eorpaí amach an 25 Márta 2021, agus i gconclúidí a tháinig ón gComhairle Eorpach roimhe sin.

32. Agus na conclúidí sin chomh maith le conclúidí a tháinig ón gComhairle Eorpach roimhe sin á gcur san áireamh, tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí d'idirphlé oscailte neamhbhalbh a chothabháil, d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus don chomhar i réimsí ríthábhachtacha comhleasa amhail an imirce, an tsláinte phoiblí, an aeráid, an fhrithsceimhlitheoireacht agus saincheisteanna réigiúnacha. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuireadh tús arís le déanaí leis an Idirphlé Ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc maidir le roinnt de na saincheisteanna sin, agus is díol sásaimh di freisin gur dhaingnigh an Tuirc Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide.

33. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha atá idir lámha aici i gcónaí beagnach 4 mhilliún dídeanaí a óstáil agus freastal ar a gcuid riachtanas. Áiritheofar cúnamh leanúnach an Aontais do dhídeanaithe agus do phobail óstacha in am trátha. Tá toradh leanúnach ar an **Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc**. Meabhraítear don Chomhairle gur iarr an Chomhairle Eorpach an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 ar an Tuirc a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go neamh-idirdhealaitheach Ráiteas 2016 ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, lena n-áirítear i leith Phoblacht na Cipire. Is tosaíochtaí i gcónaí iad bainistiú éifeachtach teorann, chomh maith le filleadh a atosú. Tá sé ríthábhachtach an Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine agus go héifeachtach mar aon le comhar a dhéanamh le Ballstáit uile an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile.

34. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór buartha di an cúlú breise fíorimníoch i réimsí an daonlathais, an smachta reachta, agus na gceart bunúsach lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus easpa shistéamach neamhspleáchas na mbreithiúna. Rinneadh roinnt beart sriantach a glacadh le linn na staide éigeandála a chomhtháthú sa dlí agus tá mórthionchar diúltach acu ar dhaoine sa Tuirc. Bíonn an tsochaí shibhialta agus a cuid eagraíochtaí ag feidhmiú faoi bhrú leanúnach i dtimpeallacht atá ag éirí níos dúshlánaí an t-am ar fad. Ní féidir glacadh leis an easpa shistéamach neamhspleáchais ná an brú míchuí ar na breithiúna, ná le srianta, coinneáil, príosúnacht ná bearta eile atá ar bun go leanúnach agus atá dírithe ar iriseoirí, ar lucht léinn, ar chomhaltaí páirtithe polaitiúla lena n-áirítear comhaltaí parlaiminte, dlíodóirí, cosantóirí chearta an duine, úsáideoirí na meán sóisialta agus grúpaí eile agus a gcearta agus saoirsí bunúsacha á bhfeidhmiú acu. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-urramófaí dlíthiúlacht agus sláine an phróisis toghcháin, go háirithe i bhfianaise líon mór na ngabhálacha, na ndífhostuithe agus na n-ionadúchán méaraí bardasacha a toghadh go daonlathach, agus an spriocdhírithe a dhéantar ar pháirtithe freasúra agus a gcomhaltaí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an-imní uirthi faoi na nithe diúltacha sin atá fós ar siúl sna réimsí sin, meabhraítear di na caighdeáin idirnáisiúnta agus na hoibleagáidí ar ghlac an Tuirc páirt iontu agus ar thug sí gealltanas ina leith, agus iarrann sí ar an Tuirc na treochtaí diúltacha a aisiompú mar ábhar práinne agus aghaidh a thabhairt ar bhealach inchreidte ar na heasnaimh thromchúiseacha iomadúla a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún. Ba cheart don Tuirc freisin dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar a bpríomh-mholtaí, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ionstraimí idirnáisiúnta eile chearta an duine a bhfuil an Tuirc ina páirtí iontu a chur chun feidhme ina n-iomláine agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR).

35. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire na hábhair imní thromchúiseacha atá fós ann maidir le feidhmiú gheilleagar margaidh na tíre. Baineadh an bonn d'inchreidteacht agus d'éifeachtacht ghníomhaíochtaí na n-údarás, agus tháinig méadú suntasach ar mhíchothromaíochtaí mar thoradh ar laigí i gcomhordú institiúideach agus beartais, rud a d'fhág go raibh éagobhsaíocht sa mhargadh airgeadais, tionchar an-diúltach ar mhargadh an tsaothair, agus leibhéal bochtaineachta níos airde. Molann an Chomhairle don Tuirc an treoir bheartais a leagtar amach sna **Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais** a chur chun feidhme ina hiomláine. Tá tábhacht ar leith ag baint le neamhspleáchas na n-údarás rialála, amhail an Banc Ceannais.

Meabhraítear don Chomhairle freisin gur gá don Tuirc aghaidh a thabhairt ar na hoibleagáidí maidir leis an **Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc** a chur chun feidhme, lena n-áirithítear go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach é maidir leis na Ballstáit uile. Is oth leis an gComhairle go bhfuil an Tuirc ag tabhairt droim láimhe i gcónaí dá hoibleagáidí faoin Aontas Custaim idir an tAontas agus an Tuirc, agus meabhraítear di gur cheart deireadh a chur le bacainní trádála nó a gcomhionann nach bhfuil i gcomhréir leis gan mhoill.

36. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an Tuirc ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais** agus an treocht atá ag éirí níos diúltaí i rith an ama a aisiompú mar ábhar tosaíochta agus meabhraítear di a seasamh maidir le haontachas Ballstát le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di gur minice le himeacht an ama a bhíonn beartas eachtrach na Tuirce ag teacht salach ar thosaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear maidir leis an Libia agus Oibríocht IRINI. I gcomhréir leis an leas coiteann atá ag an Aontas agus ag an Tuirc go mbeadh idir shíocháin agus chobhsaíocht ina réigiún, tá an Chomhairle ag súil go rannchuideoidh an Tuirc agus gach gníomhaí eile go dearfach chun géarchéimeanna sa réigiún a réiteach.

37. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas aonchiallach i ndáil leis an **dea-chaidreamh comharsanachta**, comhaontuithe idirnáisiúnta agus réiteach síochánta díospóidí, agus í ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta más gá.

Mar a luadh sna conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2006, an 26 Meitheamh 2018 agus an 18 Meitheamh 2019, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach ina dhiaidh sin, mar aon le Dearbhú an 21 Meán Fómhair 2005, iarrann an Chomhairle ar an Tuirc a hoibleagáidí faoin gCreat Caibidlíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais i leith gach uile Ballstáit. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur den bhunriachtanas é aitheantas na mBallstát ar fad. Ní mór don Tuirc gach bagairt agus gníomhaíocht a dhéanfadh dochar don dea-chaidreamh comharsanachta a stopadh, a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht gach Ballstáit de chuid an Aontais ar a bhfarraigí críochacha agus ar a n-aerspás a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, lena n-áirítear *inter alia* an ceart chun a n-acmhainní nádúrtha a thaiscéaladh agus a shaothrú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

38. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do réiteach cuimsitheach a fháil ar **fhadhb na Cipire**. Meabhraítear dó go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí, maidir leis sin, go bhfuil an Tuirc tiomanta do réiteach síochánta agus go rannchuidíonn sí leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis, faoi chuimsiú chreat na Náisiún Aontaithe, ar bhonn cónaidhm débhardasach déchriosach ina bhfuil comhionannas polaitiúil, i gcomhréir leis na rúin ábhartha go léir ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe agus leis an *acquis*. Is oth leis an gComhairle nár éirigh leis an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ar siúl sa Ghinéiv, i mí an Aibreáin 2021, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe an ród a réiteach chun tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht fhoirmiúil. Leanfaidh an tAontas de ról gníomhach a bheith aige de thaca leis an bpróiseas sin.

Cáineann an Chomhairle gníomhaíochtaí aontaobhacha na Tuirce i ndáil le Varosha – gníomhaíochtaí atá contrártha do rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe – agus meabhraítear di a thábhachtaí atá stádas Varosha agus an gá atá le rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú go hiomlán, go háirithe Rúin 550, 789 agus 1251, mar a cuireadh i dtreis ag an gComhairle Eorpach an 24 Meitheamh 2021. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na gníomhaíochtaí sin a aisiompú láithreach bonn agus go n-aisiompófaí na céimeanna uile a tugadh maidir le Varosha ó mhí Dheireadh Fómhair 2020.

39. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi go bhfuil an Tuirc fós ag bogadh níos faide ón Aontas Eorpach, agus meabhraítear di an chonclúid a thug sí roimhe seo inar tugadh ar aird nach bhfuil siúl ar bith i ndáiríre ar chaibidlíocht aontachais na Tuirce faoi láthair agus nach féidir smaoineamh faoi aon chaibidlí eile a oscailt ná a dhúnadh.

## AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

### POBLACHT NA MACADÓINE THUAIDH

40. Is díol sásaimh don Chomhairle diongbháilteacht leanúnach Phoblacht na Macadóine Thuaidh clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn, lenar réitíodh an bealach don chinneadh tús a chur le caibidlíocht aontachais i mí an Mhárta 2020. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an gcéad chomhdháil idir-rialtasach le Poblacht na Macadóine Thuaidh a luaithe is féidir tar éis don Chomhairle an creat caibidlíochta a fhormheas.

41. Tugann an Chomhairle dá haire, de réir ESCE/ODIHR, go raibh **toghcháin** áitiúla an 17 agus an 31 Deireadh Fómhair 2021 iomaíoch agus gur urramaíodh saoirsí bunúsacha. Cuirtear i bhfios go láidir, áfach, leis na heasnaimh iomadúla sa chreat dlíthiúil, an gá atá le hathbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht toghcháin. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go leanfaidh na húdaráis d'aghaidh a thabhairt, ar bhealach tráthúil cuimsitheach, ar na moltaí ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise atá fós ann.

42. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh dul chun cinn i réimse an **smachta reachta**, lena n-áirítear comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, chomh maith le tiomantas an rialtais leanúint de chur chun feidhme athchóirithe a bhaineann leis an Aontas agus dlús a chur leo. Is próiseas fadtéarmach í inbhuaine na n-athchóirithe struchtúracha sin, a éilíonn rannpháirtíocht leanúnach ón rialtas agus ón bhfreasúra araon. Molann an Chomhairle do na páirtithe uile leanúint de mhóiminteam reatha an athchóirithe a dhoimhniú, agus feabhas a chur ar an idirphlé cuiditheach.

43. I réimse na m**breithiúna**, is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh dul chun cinn áirithe maidir le straitéis athchóirithe na mbreithiúna a chur chun feidhme, agus, ar an gcaoi sin, tugadh aghaidh níos mó ar na moltaí ó Choimisiún na Veinéise agus ó Ghrúpa na Saineolaithe Sinsearacha maidir le saincheisteanna sistéamacha faoin smacht reachta. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór díriú ar leanúint de na straitéisí agus na dlíthe atá ann cheana a chur chun feidhme agus ar na huirlisí atá i bhfeidhm cheana a úsáid, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Ní mór neamhspleáchas, gairmiúlacht agus neamhchlaontacht an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí chun leanúint de chomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá cur chun feidhme córasach an phlean gníomhaíochta nuashonraithe maidir le straitéis athchóirithe na mbreithiúna a áirithiú, mar aon leis na straitéisí acmhainní daonna do na breithiúna agus na hionchúisitheoirí. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh na hinstitiúidí lena mbaineann obair leantach ar na moltaí ón gCoimisiún Stáit um Éilliú a Chosc, a bhí fíor-réamhghníomhach maidir le héilliú a chosc. Iarrann an Chomhairle ar Phoblacht na Macadóine Thuaidh leanúint de na iarrachtaí atá á ndéanamh aici chun saoirse cainte agus sábháilteacht iriseoirí a neartú a thuilleadh.

44. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh dul chun cinn áirithe i réimse an **riaracháin phoiblí**. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go n-urramófar prionsabail na trédhearcachta, an fhiúntais agus na hionadaíochta cothroime, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an gcreat reachtach agus trí chur chun feidhme an chreata sin.

45. Tá athchóiriú cuimsitheach curtha chun feidhme ag an tír ar a seirbhísí faisnéise agus slándála, i gcomhar le ECAT agus le comhpháirtithe straitéiseacha. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór acmhainneacht na maoirseachta parlaimintí ar na seirbhísí faisnéise a neartú.

46. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Poblacht na Macadóine Thuaidh gníomhach agus cuiditheach i gcónaí maidir le sreabha **imirce** measctha a bhainistiú trí chomhar éifeachtach a dhéanamh le tíortha comharsanachta agus le Ballstáit an Aontais.

47. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, molann an Chomhairle do Phoblacht na Macadóine Thuaidh leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici chun riachtanais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh agus chun déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí an mhargaidh laistigh den Aontas. Molann sí freisin do Phoblacht na Macadóine Thuaidh an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme ina hiomláine, trí athchóirithe struchtúracha éifeachtacha dea-chomhordaithe a chur chun feidhme.

48. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh áireamh an daonáirimh chun críche an 30 Meán Fómhair 2021 agus tugann sí dá haire go bhfuiltear ag súil go bhfoilseofar na torthaí sna míonna beaga amach romhainn.

49. Is gnéithe riachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an **dea-chaidreamh comharsanachta** agus an **comhar réigiúnach**. Ag meabhrú di mír 2 de na Conclúidí ón gComhairle i mí an Mhárta 2020, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbainfí amach torthaí nithiúla, agus go gcuirfí comhaontuithe déthaobhacha chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear Comhaontú Prespa leis an nGréig agus an Conradh maidir le Dea-Chaidreamh Comharsanachta leis an mBulgáir.

50. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur tháinig méadú suntasach ar an ailíniú le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais**, a thaispeánann treocht dhearfach agus a léiríonn rogha na tíre i dtaobh treoshuíomh straitéiseach. Molann an Chomhairle don tír leanúint de thuilleadh feabhais a chur ar a ailíniú CBES. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht leanúnach ghníomhach Phoblacht na Macadóine Thuaidh i misin agus in oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta.

**AN ALBÁIN**

51. Is díol sásaimh don Chomhairle diongbháilteacht leanúnach na hAlbáine clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn, lenar réitíodh an bealach don chinneadh tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Aontas i mí an Mhárta 2020. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an gcéad chomhdháil idir-rialtasach leis an Albáin a luaithe is féidir tar éis don Chomhairle an creat caibidlíochta a fhormheas.

52. Tugann an Chomhairle dá haire gur eagraíodh go maith ar an iomlán na toghcháin pharlaiminteacha i mí Aibreáin 2021 agus meabhraítear di gur reáchtáladh na toghcháin sin ar bhonn an chreata nua toghcháin tar éis athchóiriú fadréimseach i gcomhréir le moltaí ESCE/ODIHR. Molann an Chomhairle freisin go gcuirfí chun feidhme a thuilleadh moltaí ESCE/ODIHR atá fós gan réiteach. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil idirphlé polaitiúil cuimsitheach agus cuiditheach sa tír ríthábhachtach i gcónaí, agus sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle filleadh an fhreasúra ar an bparlaimint.

Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn maith a rinne an Albáin i réimse an **smachta reachta**, go háirithe trí athchóiriú cuimsitheach an cheartais a chur chun feidhme, a bhfuil dul chun cinn leanúnach déanta ina leith, agus trí chomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe a neartú. Tá na chéad torthaí dearfacha léirithe cheana féin ag na struchtúir speisialaithe nuabhunaithe i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun cuntas teiste láidir a bhunú, lena n-áirítear maidir le héilliú agus coireacht eagraithe ardleibhéil trí imscrúduithe réamhghníomhacha agus fíoraisc deiridh, agus tríd an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, agus ní mór leanúint den chomhar maith le húdaráis ábhartha na mBallstát chomh maith.

Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil dul chun cinn leanúnach déanta maidir leis an ngrinnfhiosrú agus go raibh torthaí nithiúla air, agus molann sí d'údaráis na hAlbáine leanúint dá n-iarrachtaí ionas gur féidir an próiseas a chur i gcrích go rathúil. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Ard-Chúirt ag feidhmiú arís tar éis di córam leordhóthanach a fháil ar ais chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le breithniú cásanna, agus ba cheart leanúint de cheapacháin bhreise a dhéanamh chun na folúntais uile atá fágtha a líonadh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go raibh an Chúirt Bhunreachtúil lánfheidhmiúil arís as ucht ceapacháin bhreise a dhéanamh.

Maidir le cearta bunúsacha, tugann an Chomhairle dá haire go dearfach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun athchóiriú cuimsitheach ar earnáil na talún a chur chun feidhme agus chun cearta maoine a chomhdhlúthú, agus iarrann sí ar na húdaráis leanúint de na hiarrachtaí sin a shaothrú, ar bhealach trédhearcach trí chomhairliúcháin a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar chásanna a bhaineann le falsú doiciméad agus an próiseas clárúcháin agus cúitimh a chur chun cinn go pras. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh an Dlí Daonáirimh agus tá sí ag tnúth lena chur i bhfeidhm rianúil ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin glacadh na reachtaíochta tánaistí a bhaineann le Creat-Dlí 2017 maidir le mionlaigh náisiúnta a chosaint agus tathantaíonn sí ar an Albáin na fodhlíthe atá fágtha a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile.

Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an Albáin tús a chur an athuair lena hiarrachtaí chun dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir le saoirse cainte agus sábháilteacht iriseoirí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh leasuithe ar dhlí na meán i gcomhréir le moltaí ó Choimisiún na Veinéise agus le caighdeáin idirnáisiúnta, i gcás ina ndéanfadh an Pharlaimint an dlí a bhreithniú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn nithiúil a rinneadh in athchóiriú an riaracháin phoiblí, agus molann sí don Albáin leanúint go diongbháilte dá cuid iarrachtaí sa réimse sin. Is gá feabhas a chur ar chomhordú laistigh den **riarachán poiblí**, go háirithe chun na próisis pleanála beartais agus buiséadaithe a chomhtháthú, agus i dtaca le cúrsaí a bhaineann le lánpháirtiú an Aontais. Ní mór dul chun cinn cuimsitheach a bheith i gceist le bunú gníomhaireachtaí nua, agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith ann, agus ní mór é a bheith fabhrach do sheiceálacha agus do chothromaíocht agus d'éifeachtúlacht.

53. I gcás **na himirce**, is í an Albáin an chéad tír sna Balcáin Thiar inar tháinig an Comhaontú Stádais i ndáil leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach i bhfeidhm. D'éirigh go geal leis an gcéad chomhoibríocht riamh lasmuigh den Aontas le Frontex. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon iomlán na n-iarratas ar thearmann gan bhunús san Aontas a chuir náisiúnaigh Albánacha isteach, ach ní foláir dlúthfhaireachán a dhéanamh air sin go fóill, agus tá gá le hiarrachtaí seasta leanúnacha ó údaráis na hAlbáine.

54. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire gurb amhlaidh, roimh an gcrith talún i mí na Samhna 2019 agus an suaitheadh seachtrach a tharla in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur lean an dífhostaíocht de bheith ag laghdú go dtí na leibhéil is ísle riamh, gur tháinig méadú ar onnmhairí agus gur lean an cóimheas fiachais phoiblí le OTI de bheith ag laghdú cé go raibh sé fós ard. Molann an Chomhairle don Albáin an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme go hiomlán, trí chóimheas fiachais an rialtais a laghdú de réir a chéile, an rialachas fioscach agus an trédhearcacht fioscach a fheabhsú, agus athchóirithe struchtúracha éifeachtacha dea-chomhordaithe a chur chun feidhme.

55. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa **chomhar réigiúnach**. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur lean an Albáin den idirphlé chun **dea-chaidreamh comharsanachta** a áirithiú, rud atá ríthábhachtach i gcónaí.

56. Molann an Chomhairle an Albáin go láidir as an gcomhar agus an lánailíniú leanúnach le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh** agus as an iarracht seo a bheith comhsheasmhach le himeacht ama. Is díol sásaimh di chomh maith rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na hAlbáine i misin agus oibríochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta.

## AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

57. Is oth go mór leis an gComhairle an ghéarchéim fhada pholaitiúil sa tír, lenar cuireadh srian ar thuilleadh dul chun cinn maidir le hathchóirithe in 2021, agus cáineann sí an bac atá á chur ar na hinstitiúidí Stáit. Tathantaíonn an Chomhairle ar na ceannairí polaitiúla uile reitric agus gníomhaíocht ghríosaitheach scoilteach a thréigean agus staonadh uathu, lena n-áirítear ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na tíre a cheistiú.

Níl glacadh le reitric ná le tionscnaimh darb aidhm athchóirithe a chur ar gcúl agus tarraingt siar ó institiúidí Stáit agus cuirtear ailíniú na tíre le *acquis* an Aontais agus an tiomantas polaitiúil do lánpháirtiú an Aontais i mbaol dá ndeasca. Ní mór do na ceannairí polaitiúla uile páirt a ghlacadh san idirphlé chun an tsáinn a shárú mar ábhar tosaíochta.

Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh dul chun cinn an-teoranta sna hathchóirithe, agus admhaíonn sí na céimeanna a tugadh, lena n-áirítear reáchtáil na dtoghchán áitiúil in Mostar i mí na Nollag 2020, den chéad uair ó bhí 2008 ann, agus reáchtáil an Choiste Pharlaimintigh Cobhsaíochta agus Comhlachais, chomh maith le glacadh an Phlean Gníomhaíochta maidir le hAthchóiriú an Riaracháin Phoiblí agus straitéisí maidir le bainistiú airgeadais phoiblí ag gach leibhéal rialtais.

58. Tathantaíonn an Chomhairle ar cheannairí polaitiúla na Boisnia agus na Heirseagaivéine a n-iarrachtaí comhpháirteacha a dhíriú ar chomhlíonadh na **14 phríomhthosaíocht** go léir a sainaithníodh sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas, mar a d'fhormhuinigh an Chomhairle in 2019 í, agus i gcomhréir le leas na saoránach uile dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Aontais Eorpaigh. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Ionadaí Speisialta an Aontais i ndáil leis an méid sin. Ní rachaidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i dtreo an Aontais ach amháin má dhéantar na hathchóirithe.

59. Maidir leis na sásraí institiúideacha, a leagadh amach le Comhaontú Síochána Dayton, ní mór don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin tuilleadh athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha a dhéanamh chun comhionannas agus neamh-idirdhealú gach saoránach a áirithiú, go háirithe trí chásdlí Sejdić-Finci na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) a chur chun feidhme. Cuireann an Chomhairle i dtreis nár cheart aon bheart reachtach nó polaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánaí a bheidh sé rialú Sejdić-Finci agus rialuithe gaolmhara ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme nó a mhéadódh na heasaontais atá ann cheana. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a hiarraidh go mbeadh próiseas cuimsitheach ann maidir le hathchóirithe bunreachtúla agus toghcháin teoranta, trí fhíor-idirphlé agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha chun deireadh a chur le gach cineál neamhionannais agus idirdhealaithe sa phróiseas toghcháin. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór roinnt cinntí ón gcúirt bhunreachtúil a fhorfheidhmiú go hiomlán go fóill. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Idirghníomhaireachta filleadh ar a cuid oibre go pras agus a tograí maidir le hathchóirithe a chur i láthair roimh vóta a chaitheamh i ndáil le feabhas a chur ar an gcreat toghcháin.

60. Molann an Chomhairle freisin don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin aghaidh a thabhairt ar na hathchóirithe darb aidhm feabhas a chur ar chreat reachtach agus institiúideach na tíre, chun na ceanglais a bhaineann le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh.

Tá an Chomhairle ag súil go dtabharfadh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin céimeanna riachtanacha in **athchóiriú an riaracháin phoiblí** trí státseirbhís ghairmiúil dhípholaitithe a áirithiú, chomh maith le cur chuige comhordaithe i leith ceapadh beartas.

Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá **cosc agus comhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe** agus is oth léi nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar phríomhthosaíochtaí na Tuairime ná ar thorthaí na tuarascála ó na saineolaithe ar shaincheisteanna maidir leis an Smacht Reachta. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá do na húdaráis féachaint leis an **smacht reachta** a neartú. Chun na críche sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin leasuithe ar an dlí um an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach a ghlacadh go pras chun bearta sláine a thabhairt isteach sa bhreithiúnacht. Meabhraítear don Chomhairle freisin gur gá don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a reachtaíocht maidir le soláthar poiblí agus coinbhleacht leasa a ailíniú le caighdeáin Eorpacha go práinneach.

61. Is oth leis an gComhairle an easpa dul chun cinn a rinneadh maidir leis an **tsaoirse chun tuairimí a nochtadh** agus sábháilteacht iriseoirí agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús a chur lena n-iarrachtaí maidir le cearta an duine, comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú.

62. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna dearfacha a tugadh chun feabhas a chur ar bhainistiú agus comhordú na h**imirce**, agus cuireann sí i dtreis nach mór leanúint leis na hiarrachtaí sin agus iad a threisiú. Ní foláir don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dídean leormhaith leordhóthanach a chur ar fáil do gach duine atá i ngátar ar fud na tíre ar fad. Ní mór do na húdaráis straitéis agus buiséad tiomnaithe a ghlacadh agus a áirithiú go ndéanfar acmhainneachtaí bainistithe teorann agus bainistithe imirce a chomhordú go héifeachtach ar gach leibhéal agus go n-áiritheofar feidhmiú an chórais tearmainn, chun dul i ngleic go rathúil le dúshláin imirce.

63. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag an tír maidir le geilleagar margaidh atá feidhmiúil a bhunú agus maidir lena hacmhainneacht chun déileáil le brú iomaíoch agus le fórsaí margaidh san Aontas. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme go hiomlán, trí fheabhas a chur ar a cumais anailíse, pleanála agus comhordaithe chun ceapadh beartais mhaicreacnamaíoch ar fud na tíre agus cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha éifeachtacha dea-chomhordaithe a neartú, lena maolófaí na héifeachtaí a bheadh ag margadh inmheánach ilroinnte agus lena n-éascófaí infheistíochtaí. Meabhraítear don Chomhairle gur gá comhlíonadh an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) agus gnáthchruinniú chomhlachtaí SA a áirithiú.

64. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. I bhfianaise gur comóradh anuraidh 25 bliana ó tharla cinedhíothú Srebrenica agus ó thángthas ar Chomhaontuithe Síochána Dayton/Pháras, molann an Chomhairle do na gníomhaithe polaitiúla ar fad sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an lámh in uachtar a fháil ar bhladhmann scoilteach ré atá caite, deireadh a chur le laochra a dhéanamh de choirpigh chogaidh chiontaithe agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

65. Molann an Chomhairle don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt an **chomhair réigiúnaigh** agus an **dea-chaidrimh comharsanachta**.

66. Is oth leis an gComhairle an meath mór atá tagtha ar ailíniú na Boisnia agus na Heirseagaivéine le **Comhbheartas Eachtrach agus Slándála** an **Aontais** agus tathantaíonn sí ar an tír an treocht dhiúltach sin a aisiompú mar ábhar tosaíochta. Ar an taobh eile, is díol sásaimh di rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na Boisnia agus na Heirseagaivéine i misin agus in oibríochtaí de chuid an Aontais faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur cuireadh síneadh le sainordú EUFOR Althea, lena dtacaítear i gcónaí leis na húdaráis sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun timpeallacht shábháilte, shlán a chothabháil do gach saoránach. Cuireann an Chomhairle in iúl go dtacaíonn sí le ról agus le sainordú an Ardionadaí agus a Oifige i leith an clár oibre 5+2 a chomhlíonadh.

**AN CHOSAIV**

67. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dhearbhaigh an rialtas nua, a toghadh i mí an Mhárta 2021, tiomantas straitéiseach na Cosaive dá conair Eorpach agus d'athchóirithe gaolmhara. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chun feidhme leantach an **Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC)** idir an tAontas agus an Chosaiv agus is díol sásaimh di seoladh an dara céim dá **Clár Oibre Eorpach don Athchóiriú**. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí chun feidhme é agus cuireann sí i dtreis gur géarghá don Chosaiv dlús a chur leis na próisis athchóirithe, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus d'fhonn beart a dhéanamh ar mhaithe le saoránaigh na Cosaive, i bhfianaise an dul chun cinn teoranta atá déanta go dtí seo.

68. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh na **toghcháin** reachtacha luatha an 14 Feabhra 2021 agus na toghcháin áitiúla an 17 Deireadh Fómhair agus an 14 Samhain dea-riartha agus trédhearcach. Bhí siad iomaíoch freisin, seachas i limistéir Sheirbeacha na Cosaive. Tá an Chomhairle ag súil go mbeifear níos díocasaí agus aghaidh á tabhairt ar easnaimh athfhillteacha sa phróiseas toghcháin agus na moltaí gaolmhara ó Mhisean Breathnóireachta AE um Thoghcháin á gcur chun feidhme.

69. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a thug an rialtas chun clár oibre athchóirithe a chur chun cinn maidir le comhrac an éillithe. Iarrann sé ar an gCosaiv géarú ar a hiarrachtaí chun an **smacht reachta** a fheabhsú, agus leanúint de dhlús a chur le comhrac an éillithe, dlús a chur le comhrac na coireachta eagraithe agus athchóiriú an riaracháin phoiblí a shaothrú, ag cur leis an méid atá bainte amach ag an gCosaiv go dtí seo agus i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar na húdaráis cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana a thabhairt ar aghaidh, cur chuige cuimsitheach a ghlacadh chun athchóirithe ceartais agus frith-éillithe a chur i gcrích, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lena cuntas teiste i gcomhrac an éillithe ardleibhéil agus na coireachta eagraithe.

70. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá go leanfadh an Chosaiv de bheith tiomanta do na Dlísheomraí Speisialaithe, mar léiriú tábhachtach ar a tiomantas don smacht reachta agus chun deireadh a chur le saoirse ó phionós. A bhuí leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, is féidir gach coir chogaidh a líomhnaítear a fhiosrú agus a ionchúiseamh ar bhealach cuí. I ndáil leis sin, is mór ag an gComhairle an obair a rinne na Dlísheomraí Speisialaithe as ar eascair na chéad trialacha a rinneadh sa Háig i mbliana.

71. Is díol sásaimh don Chomhairle síneadh shainordú **EULEX**, a comhaontaíodh go frithpháirteach i mí an Mheithimh 2021. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá don Chosaiv leanúint de bheith ag comhoibriú go dlúth agus go héifeachtach le EULEX. Iarrann sí freisin ar an gCosaiv leanúint den chomhar leis na gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta.

72. Molann an Chomhairle don Chosaiv iarrachtaí breise a dhéanamh chun an creat dlíthiúil maidir le cearta bunúsacha a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar cosaint iomlán don oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach, do chearta daoine ar de phobail mhionlaigh iad, lena n-áirítear an pobal Romach agus an pobal Aisceailíoch, agus do dhaoine easáitithe, maille leis an gcomhionannas inscne i gcleachtas. Ní mór na sásraí um chearta an duine atá ann cheana a neartú a thuilleadh.

73. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv cur chun feidhme éifeachtach na n-athchóirithe maidir leis an riarachán poiblí agus bainistiú airgeadais phoiblí a chothú, go sonrach trí straitéis nua PAR 2021-2026 agus leasuithe ar an státseirbhís a ghlacadh, d’fhonn riarachán poiblí a bheidh níos cuntasaí agus saoránachlárnaithe a bhaint amach.

74. Maidir le h**athchóirithe eacnamaíocha**, meabhraítear don Chomhairle na fadhbanna struchtúracha atá ann le fada, amhail easpa an éagsúlaithe eacnamaíoch, an spleáchas ar shreabha airgeadais seachtracha, geilleagar neamhfhoirmiúil forleathan agus leibhéil ísle ghníomhaíochta agus fostaíochta. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an rialtais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus molann sí don Chosaiv an treoir bheartais a leagtar amach sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur chun feidhme go hiomlán, trí fheabhas a chur ar rialachas fioscach agus athchóirithe struchtúracha éifeachtacha dea-chomhordaithe a chur chun feidhme.

75. Maidir leis an **Idirphlé** arna éascú ag an Aontas, is díol sásaimh don Chomhairle gur leanadh den Idirphlé i mí an Mheithimh 2021, agus molann sí an tArdionadaí agus ISAE as an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus saincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar as a dtiomantas don Idirphlé arna éascú ag an Aontas. Tá an Chomhairle ag súil go nglacfaidh an Chosaiv páirt de mheon macánta agus de mheon an chomhréitigh san Idirphlé arna éascú ag an Aontas chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach leis an tSeirbia a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an gcomhaontú sin ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach agus go gcuirfí leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Tá sin ríthábhachtach ionas gur féidir leis an gCosaiv agus leis an tSeirbia dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí Eorpacha faoi seach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go láidir go n-urramófar na comhaontuithe uile ar thángthas orthu san am atá caite agus go gcuirfear chun feidhme gan mhoill iad. Ina theannta sin, ba cheart don dá pháirtí gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht agus reitric nach gcabhraíonn leis an idirphlé a sheachaint.

76. Meabhraítear don Chomhairle gur bunphrionsabal é sa CCC go ndéanfaí an caidreamh leis an tSeirbia a normalú agus go bhfuil sé sin mar bhonn agus mar thaca maidir le caidreamh agus comhar a fhorbairt idir an tAontas agus an Chosaiv.

77. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach agus an dea-chaidreamh comharsanachta agus molann sí don Chosaiv pháirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí **comhair réigiúnaigh**.

78. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá **léirscaoileadh víosaí** do shaoránaigh na Cosaive. Thíolaic an Coimisiún togra foirmiúil i mí na Bealtaine 2016 an Chosaiv a aistriú go liosta Schengen de na tíortha nach mbaineann ceanglas víosa leo agus chuir sé tuarascáil i láthair i mí Iúil 2018 maidir le comhlíonadh na dtagarmharcanna a bhí fós ann. Tá an togra ón gCoimisiún, lenar thacaigh Parlaimint na hEorpa ina céad léamh i mí an Mhárta 2019, fós á bhreithniú sa Chomhairle.